

Splańe

2021-2022

Caibidil 1

An Fómhar i nGaoth Dobhair!

1 Má tá tú ag iarraidh rud éigin difriúil a dhéanamh seachtain na Samhna i mbliana b'fhiú duit cuairt a thabhairt ar fhéile nua i nGaoth Dobhair – Féile an Fhómhair.

2 Beidh ceol, craic agus gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ann i mbliana. Cé go mbeidh tallann áitiúil le feiceáil, beidh taibheoirí idirnáisiúnta ar an ardán freisin.



3 Chomh maith leis an gceol agus an gcráic, beidh conairí scanrúla ann fosta. Ar ndóigh, lasfar tinte ag an bhféile leis chun na taibhsí a choimeád ar shiúl, mar tig leat a bheith cinnte de go mbeidh taibhsí ann!



taibheoir *performer*
conair = **cosán** *pathway*
ar shiúl *away*

Ceisteanna, tascanna, scéalta eile agus freagraí



Líon isteach na bearnaí thíos

- 1 cuairt a ____ (Alt 1)
- 2 Beidh ____ idirnáisiúnta ar an ardán. (Alt 2)
- 3 Lasfar ____ ag an bhféile. (Alt 3)

Ron ar strae!

1 Is scannán ríomhbheoite ó Twentieth Century Studios é Ron's Gone Wrong, a insíonn scéal Barney, buachaill scoile, agus a róbát, Ron.

2 Tá róbát atá ceangailte go digiteach ag cairde Barney freisin, ach nuair a fheiceann Ron 'a chara is fearr amach as an mbosca' is léir do Barney go bhfuil Ron difriúil. In aois ina bhfuil na meáin shóisialta lárnach sa saol, foghlaimíonn Barney ó Ron cad is cairdeas ann.

© Gabhann Foilseacháin Gael Linn buíochas le Shutterstock.com as ucht cead a thabhairt dúinn pictiúir dá gcuid a fhoilsiú.

Déanaimid gach iarracht teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt. Sa chás go dteipeann orainn teacht ar aon duine, táimid sásta socrúithe cuí a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh linn.



3 Zach Galifianakis a dhéanann guth Ron sa scannán agus is é Jack Dylan Grazer Barney. Beidh Ron's Gone Wrong le feiceáil ar an scáileán mór ar 22 Deireadh Fómhair.

ríomhbheoite *computer-animated*

Ceist agam ort

- 1 Cén stiúideo a rinne **Ron's Gone Wrong**? (Alt 1)
- 2 Cad a fhoghlaimíonn Barney ó Ron? (Alt 2)
- 3 Cathain a bheidh an scannán seo sa phictiurlann? (Alt 3)
- 4 An ndéanann na meáin shóisialta níos éasca é cairde a dhéanamh nó níos deacra? Cad a cheapann tú féin? Labhair leis an rang faoi sin.

Ceoltóirí den scoth!

1 Is deirfiúracha iad Emily, Jessica, agus Camilla Staveley-Taylor. The Staves a thugann siad orthu féin agus d'eisigh siad a gcéad albam, *Dead & Born & Grown*, sa bhliain 2012.

2 Déanann na cailíní seo comhcheol álainn a léiríonn gur ón teaghlach céanna iad. Tá an t-albam is déanaí uathu, *Good Woman*, ar díol anois. Má tá cuid de na hamhráin saghas

dorcha, cuireann guthanna agus ceol na ndeirfiúracha beocht agus solas isteach iontu.



3 Beidh ceithre cheolchoirm ag The Staves in Éirinn an mhí seo. Ag tosú ar 14 Deireadh Fómhair, seinnfidh siad i gcathair Luimnigh agus, an oíche dár gcionn, beidh siad in Vicar Street, Baile Átha Cliath. Is féidir iad a chloisteáil sa Róisín Dubh, Gaillimh, Dé Sathairn an séú lá déag agus, más i mBéal Feirste atá tú, beidh siad ag seinm ansin ar an seachtú lá déag.

comhcheol *harmony*

Fíor nó bréagach?

- 1 Is deartháireacha iad **The Staves**. (Alt 1)
- 2 **Good Woman** is ainm don albam nua. (Alt 2)
- 3 Beidh **The Staves** ag seinm i gCorcaigh le linn na míosa seo. (Alt)

Catar 2022

1 Cé go bhfuil Corn an Domhain i gCatar níos mó ná bliain uainn fós, tá roinnt mhaith de na cluichí cáilithe imeartha cheana féin agus tuilleadh le himirt go luath.



2 Ní hamháin gurb é seo an chéad uair do Chorn Sacair an Domhain a bheith á imirt i dtír Arabach, ach is í seo an chéad uair freisin nach raibh cead ag lucht leanúna na bhfoirne as baile amháin freastal ar na cluichí cáilithe.

3 Nuair a d'imir Poblacht na hÉireann in éadan na Portaingéile an mhí seo caite, ní raibh cead ag an 'Arm Glas' tacaíocht a thabhairt dá bhfoireann ag an gcluiche in Faro. Beidh 13 chluiche cáilithe á n-imirt Déardaoine agus De hAoine na seachtaine seo. Beidh le feiceáil an rachaidh easpa lucht

leanúna na gcuariteoirí i bhfeidhm ar na torthaí!

cluiche cáilithe *qualifying game*

Fuascail na hanagram seo!

nroc na hamniod (Alt 1)

i rítd baraahc (Alt 2)

ram salg (Alt 3)



Cuan Álainn na Coime

1 Tá go leor againn fós ag caitheamh ár gcuid laethanta saoire sa bhaile. Fiú mura mbíonn an aimsir ródheas in amanna, tá tránna na hÉireann ar na cinn is deise ar domhan.




2 Tá clú agus cáil ar thrá amháin de chuid na tíre seo as a háilleacht, áfach – mar atá Cuan na Coime i gContae Mhaigh Eo. Vótáil iris idirnáisiúnta taistil an trá seo ar an aonú trá déag is áille ar domhan i mbliana.

3 Deirtear san iris go bhfuil Cuan na Coime, ar Oileán Acla, inchurtha le haon trá thrópaiceach – lena 'gaineamh geal' agus leis an 'uisce glan' atá ann. Rug an trá seo in Acla an chraobh ar thránna i Haváí agus i bhFidsí.

inchurtha le *comparable to*

Crosfhocal duit!



Trasna

- 1 an-bhrothallach (11)
- 3 Déanann leanaí caisleáin leis seo. (8)
- 7 calafort (4)
- 8 clú (4)
- 9 tréimhse saor ón obair, laethanta _____ (6)
- 10 an pláinéad seo, an _____ (6)

Síos



- 1 bruach farraige, cladach (3)
- 2 ceann den 32 in Éirinn! (6)
- 4 ceann de na Stáit Aontaithe (5)
- 5 ar dhath an tsneachta (4)
- 6 nuachtán ildaite nó foilseachán eile (4)
- 7 bua (6)

Faisean fadálach

1 I nGána na hAfraice tugtar ‘éadaí na bhfear bán marbh’ ar na héadaí athláimhe a thagann chun na tíre sin le cur ar díol arís. Ar an drochuair, bíonn drochbhail ar a lán de na héadaí sin agus téann siad díreach go dtí láithreáin líonta talún.

2 Is mar gheall ar an bhfaisean gasta i dtíortha an Chéad Domhain a thagann na héadaí athláimhe go Gána. Ar an drochuair, tá daoine san iarthar a cheapann má chaitheann siad ball éadaigh faoi dhó, go bhfuil sé as faisean agus caitheann siad amach é!

3 Tar éis na paindéime, tá an faisean ag teacht ar ais de réir a chéile agus an dea-scéala ná gur faisean fadálach atá i réim. An cuimhin leat na héadaí clasaiceacha sin a bhí sa vardrús agat roimh an dianghlasáil, mar sin? Ná caith amach iad, gach seans go mbeidh siad faiseanta go ceann tamaill eile!

fadálach = **mall, righin**

athláimhe *second-hand*

láithreán líonta talún *landfill site*

Tasc beag duit

Dear ball éadaigh atá déanta as ábhar inbhuanaithe nó athchúrsáilte. Déan iarracht rud éigin clasaiceach a dhéanamh. Cén saghas ábhair a mbainfidh tú úsáid as?

dear *design* **inbhuanaithe** *sustainable*

An raibh a fhios agat?

Manach darbh ainm Guido d’Arezzo, a chuir tús le nodaireacht an cheoil níos mó ná míle bliain ó shin.



Scór grafach a thugtar ar scór ceoil nach n-úsáideann nodaireacht thraidisiúnta an cheoil, ach a úsáideann íomhánna, pictiúir, línte, scríobanna agus scriobláil!



Ní gá go mbeadh tuiscint agat ar nodaireacht an cheoil chun ceol iontach a chumadh agus a chanadh nó a sheinm.

- 1 Cén tslí bheatha a bhí ag Guido d'Arezzo?
- 2 Cad a bhíonn le feiceáil ar scór grafach?
- 3 Céard atá ag teastáil chun a bheith ábalta ceol a chumadh?

Cuirtíní

Is beag duine a smaoiníonn ar chuiríní, cé go mbíonn siad in úsáid go laethúil ag an gcuid is mó againn. Foghlaim fíricí fánacha fúthu anseo!



Sa séú agus sa seachtú haois R.C. d'úsáidtí cuirtíní chun seomraí a roinnt ó chéile san Iodáil agus sa Ghréig. Ní bhídís in úsáid ar fhuinneoga ar chor ar bith!



Le linn na hAthbheochana, thosaigh daoine ar chuiríní a chrochadh ag fuinneoga. Bhí fuinneoga ar fáil i dtithe den chéad uair ag an am sin, agus bhíodh daoine ar an taobh

amuigh ábalta gach rud ar an taobh istigh a fheiceáil sula raibh cuirtíní ann. Ar mhaithe le príobháideachas agus chun an teas a choinneáil istigh (agus an fuacht a choinneáil amach!) chrochtaí cuirtíní ar na fuinneoga.

Sa lá atá inniu ann, is cuid de mhaisiúchán an tseomra iad agus tagann dath na gcuirtíní leis na nithe eile sa seomra. Cuireann siad leis an timpeallacht, mar coinníonn siad an teas istigh – agus cothaíonn siad príobháideachas freisin.

Fíric fhánach! Is é rideaux an focal Fraincise ar chuirtíní agus níl aon bhaint aige sin le drapes.

Fíric fhánach eile! Úsáidtear focail mar cuirtín, dallóg agus brat sa Ghaeilge. Faigh amach an Béarla atá orthu sin!

athbheochan *renaissance*

Ceisteanna

- 1 Cad iad na tíortha inar úsáideadh cuirtíní den chéad uair?
- 2 Cén tír a dhéanadh cuirtíní as craiceann ainmhithe?
- 3 Le linn na hAthbheochana, cén nós ar cuireadh tús leis?
- 4 Tabhair trí fheidhm le cuirtíní sa lá atá inniu ann.

Cá mhéad focal is féidir leat a chumadh, bunaithe ar na litreacha – **c u i r t í n í**?

Freagraí anseo thíos!

2 litir – tí ní rí uí

3 litir – tír cur trí cuí tuí tur tic

4 litir – cuir truc tiuc tric

5 litir – cruit círn




Aimsigh anseo sa lúbra thíos iad thú féin!

KAÍXCCRATRURCKZ
OFNÍLFSTHLSUAWJ
VZRLRXDAUARCOMK
HÍPGIFOTMTQUJSR
NHJRUVURUTUÍUTY
LPUMCÍPFAIBJHGK
TIUCCVRIHGEHRXT
ZÍRQWETZUBVUREN
WLRTJBCRHJCFFVV
ZÍÍHOKGXIWOBXBZB
TGXFPCURTCFZMÍU
CTXIXNGQLRLMFBU
CAWEYDLGJUÍDBTW
YITVDCFIAIVTQNO
UDTOQCOAETJFABW



Scútair leictreacha

Bíonn scútair le feiceáil ó cheann ceann na tíre na laethanta seo agus is bealach iontach iad le taisteal, go háirithe agus scaradh sóisialta i bhfeidhm le breis agus bliain anuas ar an gcóras iompair poiblí. Ní rud nua é scútar gan ineall! Bhídís an-choitianta caoga bliain ó shin ag páistí na tíre. Bíonn inneall curtha le cuid acu anois – agus is do dhaoine fásta iad sin.



Is feithicil an-simplí é an scútar, le hardán beag ar a seasann an duine, agus inneall faoi a chuireann ag gluaiseacht é. Is féidir leis an tiománaí scútair a chos a úsáid chun tosú freisin. Is gá do thiománaithe scútair rialacha sábháilteachta a leanúint agus a bheith ródacmhainneach. Ní mór an scútar a chlárú agus cáin agus árachas a chur air. Is gá an ceadúnas ceart a bheith ag an tiománaí agus ní mór dó clogad a chaitheamh agus é á thiomáint. Níl cead ag páistí faoi 16 bliana scútar le hineall a thiomáint in áit phoiblí.

ródacmhainneach *roadworthy*

Ceisteanna

- 1 An bhfuil scútar leictreach agat féin nó ag duine i do theaghlach?
- 2 An raibh na rialacha thuas ar eolas agat roimhe seo?

- 3 An dóigh leat go bhfuil na rialacha ar eolas ag mórán daoine?



An féidir leat na téarmaí seo, a bhaineann le cúrsaí ceoil, a aimsiú sa lúbra thíos?

traidisiúnta grafach nodaireacht
ceoltóir scríobadh scríobh
iontach scór cumadh canadh
guido seinm ceol

d p o d y z x t w f e a c q y
n a a q x j v g i f t r e m i
g r a f a c h v u n u ó o w v
z n a f n w i i ú i k c l a f
h b o í r c s i f u d s t s k
d l f d v x s h f l c o ó e x
t m z t a i s w v r x a i i c
k i o o d i s h í a g p r n m
l j c i c l r o c d c b y m s
x y a e i z b e w a e s h b u
y r o o q a l s a x t d s f z
t l p p d z l r s c a n a d h
n b v h i d j m j m h i o e c
u r b u w o g e u z a t c i d
r r g u u l s c f q d m s b a

Ábhar Digiteach?



Nuair a cheannaigh Andreas Da Silva scannán digiteach ó *Apple TV*, baineadh geit as nuair a chonaic sé nach raibh an scannán ina leabharlann cúpla mí i ndiaidh dó é a cheannach! Chuaigh sé i dteagmháil le *Apple TV* agus dúradh leis nach raibh na cearta acu don scannán áirithe sin a thuilleadh agus thug siad airgead Da Silva ar ais dó. Is é an trua nár cheannaigh sé earra crua éigin ar nós *DVD*!



Nuair a cheannaigh Arlo Gilbert córas uathoibrithe darbh ainm *Revolv* dá theach, bhí sé an-sásta go raibh *Google* tar éis go leor airgid a infheistiú sa chomhlacht. Bhí iontas air maidin amháin, áfach, nuair a dhúisigh sé agus nuair a chonaic sé nach raibh an córas ag obair ar chor ar bith.

Rinne sé teagmháil le *Google* agus dúradh leis nach raibh an comhlacht ag tabhairt tacaíochta do *Revolv* a thuilleadh – agus nach raibh aon mhaith leis an gcóras a cheannaigh sé.



D'íoc Arlo go leor airgid le *Revolv* ar an earra crua, ach bhí socrú déanta ag *Revolv* le *Google* maidir le feidhmiú an bhogearra. Shocraigh *Google* deireadh a chur leis an socrú sin agus infheistiú a dhéanamh i gcomhlacht eile. Níl mórán smachta againn mar thomhaltóirí maidir le hearraí digiteacha. Is féidir leis na comhlachtaí móra fáil réidh leis na hearraí go héasca. Go minic bímid tar éis cead a thabhairt dóibh é a dhéanamh ar aon nós.


córas uathoibrithe *automated system*

Léigí na focail/frásaí ar dheis sa ghreille thíos agus meaitseálaigí iad le focail/frásaí ar aon dul leo ar an taobh eile:

1	geit	A	tig leis
2	thug sé airgead ar ais dó	B	in aon chor
3	iontas	C	airgead a chur isteach
4	ar chor ar bith	D	d'aisíoc sé airgead leis
5	infheistiú	E	úsáideoir <i>consumer</i>
6	tomhaltóir	F	preab
7	is féidir leis	G	gan dua
8	go héasca	H	ionadh

Cluasáin

Is gnáthrud é sa lá atá inniu ann daoine a fheiceáil ag caitheamh cluasán agus iad ag dúnadh an tsaol amach uathu féin. Is bealach é chun an saol a dhúnadh amach agus níos mó taitnimh a bhaint as ceol nó as podchraoladh. Cluasáin isteach, imní amach!



Cheap Thomas Edison an fónagraf sa bhlian 1878 agus deirtear gur éist sé le cuid de na taifeadtaí trí steiteascóp! Ní go dtí an bhliain 1910 a tháinig duine ar an smaoineamh cluasáin, mar a thuigimidne inniu iad, a chur le chéile. Nathaniel Baldwin ab ainm don fhear sin. Cé gur tháinig sé ar an smaoineamh, níor chuir sé a ainm riamh leis agus ní bhfuair sé mórán airgid dá bharr.



Sa bhliain 2006 chruthaigh an ceoltóir, Dr. Dre, comhlacht darbh ainm *Beats*, a rinne cluasáin. Ní raibh Dr. Dre sásta le caighdeán na gcluasán a bhí á ndíol ag *Apple*. Ba é an phríomhchúis a bhí ag Baldwin le cluasáin a cheapadh ná nach raibh sé in ann an sagart a chloisteáil i gceart sa séipéal. Ní hé sin an fáth a n-úsáideann daoine ar nós Cristiano Ronaldo agus Paul Pogba cluasáin, ar ndóigh. Is chun an domhan agus an gleo a dhúnadh amach – nó le spreagadh a fháil ó cheol – a chaitheann siadsan iad.



Cluastuiscint (CD1)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Duine atá ag caint	
Cathain a chuirfear tús le staidéar eagraithe?	
Daoine a bheidh i mbun maoirseachta	
Méid spásanna ar fáil	

Fógra a Dó

1 Cén post atá ag Siobhán?

2 Ainmnigh dhá cheann de na himeachtaí.

3 Cén stáisiún raidió a luaitear?

4 Céard faoi ar labhair Déaglán agus Neasa?

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

1 Luaigh post amháin atá ag Ciarán.

2 Cén obair a rinne sé i mBaile na hAbhann?

3 Cén t-ainm a bhí ar an stáisiún ag an am?

An Dara Mír

1 Ainmnigh deacracht amháin a bhí acu.

2 Cén feabhas atá tagtha ar an scéal anois?

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1 Cár rugadh Lísín?

2 Cén sórt ceoil a sheinneann sí?

3 Ainmnigh dhá uirlis a sheinneann sí.

An Dara Mír

1 Cé hí an ceoltóir is mó a thaitníonn léi?

2 Céard atá beo beathach ina ceantar dúchais?

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

An rialtas atá i gceist	
Contae in Éirinn a luaitear	
Cad ba mhaith le polaiteoirí áirithe a dhéanamh?	

Píosa a Dó

1 Cén scoil a luaitear?

2 Luaigh dhá cheann de na rudaí a rinne na daltaí is na múinteoirí.

3 Céard a dhéanann na páistí leis an mbuicéad?

Drochlá san ionad oibre



Bhí an saol ar a thoil ag Daire –
cairde maithe aige mar aon
le cailín deas, Fiadh.



Iománaí ba ea é lena chlub áitiúil,
ach chaitheadh sé am le Fiadh
chomh minic is a d'fhéadfadh sé.



Bhí post páirtaimseartha ag
Daire sa siopa spóirt áitiúil.



Satharn amháin tháinig Tiarnán, duine dá
bhuanchairde, isteach sa siopa chuige.

Cad é mar atá tú,
a Thiarnáin?
Deas tú a fheiceáil!
An bhfuil tú réidh don
chluiche mór amárach?





D'imigh an dath d'aghaidh Dhaire.

Cé mhéad de na nathanna thíos a thuigeann sibh? Tugaigí faoi deara go bhfuil an focal ‘cluas’ i ngach ceann díobh! An féidir libh gach ceann acu a scríobh amach ar bhealach eile i nGaeilge?

Leid! Bainigí úsáid as foclóir más gá.

- 1 Thug an leaid an chluas bhodhar dá mháthair.
- 2 Ná codail ar an gchluss sin.
- 3 Chuaigh sé i gchlussa an phríomhoide.
- 4 Ná cuir i gchlussa an tsaoil é.
- 5 Tá cluasa easóige aige.
- 6 Bhí cluas le héisteacht air.
- 7 Tá an fhuaim sin i mo chluasa go fóill.
- 8 Lig sé an t-eolas sin isteach ar chluas amháin agus amach ar chluas eile.
- 9 Lig thar do chluasa é.
- 10 Chuir sé cluas air féin.

Ísle brí

Is mion minic a chloistear caint faoi ísle brí sa lá atá inniu ann. Níl aon duine saor uaithi ná níl aon leigheas cinnte uirthi ach oiread. Bíonn níos mó cainte ar an bhfadhb toisc go mbíonn daoine cáiliúla, i gcúrsaí spóirt ach go háirithe, ag caint go hoscailte faoina gcuid deacrachtaí féin.



D’imir Robert Enke ocht n-uaire d’fhoireann náisúinta na Gearmáine. Ach sa bhliain 2009 agus é 32 bliana d’aois, sheas sé amach os comhair traenach agus chuir sé lámh ina bhás féin. Dúirt Robert go raibh sé ag troid i gcoinne dúlagair don chuid is mó dá shaol. Ní ba luaithe i mbliana chuir beirt bhan brú ar an tsochaí labhairt go hoscailte faoi dhúlagar arís. D’éirigh Naomi Osaka as Comórtas Oscailte na Fraince sa leadóg ag tús na bliana. Dúirt Naomi gur bhraith sí faoi bhrú dochreidthe agus nach raibh sí ag baint taitnimh as an spórt a thuilleadh. Bhí an chuma chéanna ar an méid a bhí le rá ag an ngleacaí cáiliúil Simone Biles le linn na gCluichí Oilimpeacha i dTóiceo. Dúirt Simone gur bhraith sí an brú ar a guaillí iomarcach agus go raibh sé sin ag cur a coirp i mbaol.



Faraor, nár éirigh le Robert Enke an ceann is fearr a fháil ar an ngalar a bhí air. Is léir gur cóir éisteacht le haon duine a deir go bhfuil an saol ag éiri iomarcach dó.

dúlagar *depression*
gleacaí *gymnast*
iomarcach = **rómhór**



Crosfhocal daoibh anois! Léigí na leideanna thíos agus líonaigí isteach na freagraí sa chrosfhocal Thíos.




Trasna

- 1 mar gheall ar (5)
- 5 aicíd (5)
- 6 nach féidir a chreidiúint (10)
- 9 clú (4)
- 10 lionn dubh, ísle brí (7)
- 11 mothaigh (6)
- 12 mar a chéile (6)

Síos

- 2 gan cheangal (4)
- 3 mo léan (6)
- 4 ar son tíre (9)
- 5 duine a dhéanann gleacaíocht (7)
- 7 grúpa daoine ag obair nó ag imirt ar aon taobh le chéile (8)
- 8 deacracht (5)



Kasper Schmeichel

Bhí Kasper Schmeichel sé bliana d'aois nuair a bhuaigh a athair Peter Corn na hEorpa sa sacar leis an Danmhairg. Ní raibh aon duine ag súil le héacht na Danmhairge sa chomórtas sa bhliain 1992 agus ní mórán aithne a bhí ar an gcúl báire mór fionn. Bhí Peter díreach tar éis séasúr amhaín a chaitheamh i Sasana le Manchester United agus bhí daoine ag tabhairt airde air.



Fear ard a bhí ann ar go leor bealaí agus, nuair a bhéiceadh sé ordaithe lena chomhimreoirí, d'éisteadh siad leis. Bhí an-éifeacht ag a athair ar Kasper óg agus is dócha gurbh é sin an fáth ar shocraigh seisean a bheith ina chúl báire chomh maith.

Tá ré Kasper mar chúl báire beagnach thart anois agus, cé nach raibh sé chomh mór lena athair riamh, d'éirigh leis sacar a imirt ag an leibhéal ab airde ar domhan. Deireadh Kasper i gcónaí go raibh sé an-dian air agus daoine á chur i gcomparáid lena athair an t-am ar fad. Ceaptar fós go raibh Peter Schmeichel ar dhuine de na báireoirí ab fhearr riamh.

Ach léirigh Kasper nárbh aon amadán é nuair a bhuaigh sé an Premier League i Sasana le foireann bheag darbh ainm Leicester City sa bhliain 2016. Mar a rinne a athair roimhe, léirigh Kasper ceannaireacht chun cabhrú lena fhoireann.



báireoir = cúl báire

Obair bheirte

Cumaigí cúig cheist an duine bunaithe ar an eolas thuas – agus cuirigí ar a chéile iad.

Roblox

Chruthaigh David Baszucki agus Erik Cassel *Roblox* cluiche ríomhaire sa bhliain 2004. Gach lá imríonn níos mó ná 30 milliún duine an cluiche sin! Tá sé saor in aisce é a íoslódáil agus is é sin ceann de na rudaí a dhéanann chomh tarraingteach sin é.



Oibríonn *Roblox* díreach mar a oibríonn Vicípeid. Is iad na daoine a imríonn an cluiche na daoine céanna a chruthaíonn an cluiche! Tá

os cionn 40 milliún leibhéal imeartha i gceist. Chuir Baszucki agus Cassel an bogearra ar fáil do dhaoine chun na cluichí seo a chruthú iad féin.



Le cluiche a cheannach, ní mór don imreoir *Robux* a cheannach le gnáthairgead. Is féidir thart ar 80 *Robux* a cheannach le dollar amháin.



Agus is féidir síntiús míosúil a cheannach, a chosnaíonn os cionn €10.

Gné shuntasach a bhaineann le *Roblox* ná an pobal a roinneann smaointe agus cluichí le chéile. Ní chosnaíonn gach cluiche airgead. Sin ceann de ghnéithe iontacha an idirlín. Is féidir le gnáthdhuine cluiche a chruthú do *Roblox* agus má tá an-éileamh ann don chluiche, is féidir leis an té a rinne é airgead a thuilleamh.

síntiús *subscription*

Quiz daoibh!



- 1 Cén t-ainmhí atá go mór i gceist sa scéal *An Táin*?
- 2 Cén cúige ba mhinice a bhuaigh Corn Mhic Cárthaigh?
- 3 An bhfuil níos mó daoine sa Nua-Shéalainn ná mar atá in Éirinn?
- 4 Cé mhéad méadar ar airde atá Sliabh Everest?
- 5 Céard a tharla do Robinson Crusoe?
- 6 Cén tír arb as Volvo?
- 7 Céard é an t-aon satailít nádúrtha atá ag an domhan?
- 8 Céard is ainm don leon óg sa scannán, *The Lion King*?
- 9 Cé mhéad amhrán le Ed Sheeran a chuaigh go huimhir a haon sa tír seo ?
- 10 Ainmnigh príomhchathair na Nigéire.

Riceáil, phléascach!



Hi, a Dheasúin!

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táimid ag treabhadh linn anseo i Sligeach. Ó ba rud é gur lá bréa gréine a bhí ann Dé Sathairn seo caite, thug Mam agus Daid amach sa charr muid – mé féin agus mo dheirfiúr bheag, Clíodhna – chun tamall a chaitheamh faoin tuath. D'ullmhaigh Mam picnic bhreá dúinn – idir shólaistí, cheapaí, cháca milis, torthaí agus deochanna deasa.

Léimeamar isteach sa charr agus thugamar aghaidh ar na cnoic. Bhí an aimsir geal, gan scamall sa spéir. Faoi dheireadh pháirceáil Daid an gluaisteán agus shiúlamar go barr cnoic, áit ar leag Mam súsa ar an talamh.



D'itheamar agus d'ólamar ár sáith agus bhí radharc breá againn ar an taobh tíre máguaird. Ach níorbh fhada gur thosaigh scamail dhubha ag bailiú os ár gcionn.

Go luath ina dhiaidh sin, chualamar plimpeanna toirní agus thosaigh an bháisteach ag stealladh anuas orainn. Sciobamar gach rud den talamh agus ritheamar go dtí an carr – gach duine againn fliuch báite!

Thugamar aghaidh ar an mbaile agus, cé gur chuir Daid na cuimilteoirí gaothscátha ar siúl, ba bheag radharc a bhí ar an mbóthar aige. Go tobann rith uan beag amach díreach os ár gcomhair. Bhrúigh Daid ar na coscáin, ach sciorr an carr isteach sa díog. Níor gortaíodh an t-uan – ná aon duine againne – buíochas le Dia, ach theip ar an inneall agus bhíomar i bponc!



Ghlaoigh Daid ar gharáiste áitiúil agus, sula i bhfad, tháinig meicneoir agus trucail tarraingthe i gcabhair orainn. Tugadh an carr go dtí an garáiste agus tugadh síob abhaile dúinne. Bhí muc ar gach mala ag Daid go dtí am luí. Cé a thógfadh air é?

Sin a bhfuil go fóill, a Dheasúin. Seol téacs nó ríomhphost chugam go luath, le do thoil.

Do chara,

Tomás.

sólaistí *delicacies* **súsa** = blaincéad

máguaird = ar gach taobh

plimp thoirní *thunder-clap* **díog** = trinse


cuimilteoirí gaothscátha *windscreen wipers*

trucail tarraingthe *tow truck*

muc ar gach mala *frown* **tóg ar** *blame*

Tascanna daoibh!

- 1 Tabhair cuntas don rang faoi phicnic a bhí agat le do chairde.
- 2 Bailigh eolas faoi shaol na n-uan ar fheirmeacha in Éirinn agus inis don rang faoi.
- 3 Ag obair i mbeirteanna, bainigí triail as an gcrosfhocal thíos.



Trasna

- 1 císte
- 4 blaincéad (4)
- 6 néal (7)
- 7 trinse, draein (4)
- 8 gluaisteán (4)
- 10 béile deas amuigh faoin aer (6)
- 12 thart timpeall (8)

Síos

- 2 ár ndóthain (2,5)
- 3 baile mór agus contae san iarthar (8)
- 5 ag doirteadh anuas go trom (2,9)
- 6 rudaí deasa blasta (8)
- 9 amharc, cumas feiceála (7)
- 10 plap, pléasc (5)
- 11 caora óg (3)

Idir cleith agus ursain!

Ar feadh tamaill fhada le linn do COVID-19 a bheith ag ciapadh mhuintir an domhain, ní raibh cead ag aon duine ón tír seo dul thar lear ar laethanta saoire. Chaith an-chuid daoine seachtain nó dhó ar saoire in Éirinn – díreach mar a rinne mé féin is mo mhuintir. Fuaireamar teach ar cíos cois farraige i gContae Chiarraí. Teach breá ba ea é agus na leapacha deas cluthar.



Lá de na laethanta agus muid cois trá, bhí an ghrian ag spalpadh anuas ó spéir gheal ghorm. Chuireamar lóis ghréine orainn féin agus luíomar síos ar an ngaineamh ag sú na gréine, ag léamh agus ag éisteacht le ceol. Lá eile thugamar cuairt ar bhialann sa cheantar, áit ar itheamar béile thar a bheith blasta.





Tar éis tamaill,

d'éirigh mé féin agus mo dheartháir, Liam, fiosrach. Chuamar ag siúl ó cheann ceann na trá agus ar aghaidh linn chuig cuan eile. Bá bheag a bhí ann, dáiríre. Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil ann.

Chuamar ag snámh ar feadh tamaill agus, ina dhiaidh sin, luíomar ar an ngaineamh agus, creid ná creid, thiteamar beirt inár gcodladh!

Dhúisigh tonnta beaga ag briseadh thar ár gcosa muid. Léimeamar in airde, ach má léim, tháinig faitíos an domhain orainn, mar ba léir gur chas an taoide le linn dúinn a bheith inár gcodladh. Bhíomar san fhaopach!

Bhí rogha an dá dhíogha againn – snámh ar ais chun na trá nó bealach éalaithe a lorg. Bhí an fharraige rógharbh dúinn. “Féach ansin!



Tá pluais ann,” arsa Liam. Isteach sa phluais linn ar luas lasrach. Níorbh fhada gur thugamar faoi deara go raibh solas ag teacht isteach trí bharr na pluaise. Dhreapamar in airde i dtreo an tsolais agus d'éirigh linn barr na pluaise a bhaint amach le dua. Peo!

Luíomar ar an bhféar agus líonamar ár scamhóga le haer úr na farraige. Nach orainn a bhí an t-ádh!

idir cleith agus ursain *having a close call*
ciapadh = crá **cluthar = compordach**
spalpadh = scaladh *erupting* **lóis** *lotion*
rogha an dá dhíogha *choice between two evils*
pluais *cave* **dua = strus, trioblóid**
peo! *phew!*

Ceisteanna agus tascanna

- 1 Ar tharla eachtra duit féin riamh, nuair a bhí tú ‘idir cleith agus ursain’? Breac síos do scéal agus inis do chara leat é.
- 2 Tá na hanagraim seo bunaithe ar fhocail sa scéal thuas. Ag obair i mbeirteanna oibrígí amach iad.

apichda roesai ulchart
siló leáib



Dubh agus bán!

Stiofán Tá mé ar mhuin na muice inniu, a Cháit!

Cáit Nach méanar duit, a Stiofáin! Cad chuige sin?

Stiofán Chuir mé isteach ar chomórtas ealaíne agus d'éirigh liom an chéad áit a bhaint amach.

Cáit Wow! Comhghairdeas leat! Cad a bhuaigh tú?



Stiofán Dhá chéad euro, a Cháit – agus beidh mo phictiúr ar Nuacht a Sé inniu.

Cáit Ar fheabhas ar fad. Inis dom faoin bpictiúr a phéinteáil tú.

Stiofán Níor úsáid mé péint in aon chor. Peann luaidhe dubh a bhí agam! Tharraing mé pictiúr de mhadra gleoite a chonaic mé taobh amuigh de shiopa sa sráidbhaile. Madra álainn é – dubh agus bán – agus cluasa fada air.



Cáit Conas a fuair tú deis an pictiúr a tharraingt?

Stiofán Simplí! D'fhan mé taobh amuigh den siopa go dtí gur tháinig an t-úinéir amach...

Cáit Agus...?

Stiofán Ní raibh aon fhadhb agam. Tháinig an madra amach, gan teip, gach lá. Agus bhí an jab déanta agam tar éis sé lá!

Cáit Agus conas a d'éirigh leat?

Stiofán Go hiontach! Nuair a bhí mé sásta le mo chuid oibre, sheol mé an pictiúr isteach go TG4.

Cáit Bulaí fir, a Stiofáin. Rinne tú éacht, gan dabht!

ar mhuin na muice *on the pig's back*

deis = seans **úinéir** *owner*

bulaí fir *good man yourself*

éacht = gaisce

- 1 Tarraing pictiúr de do pheata féin – iasc, madra, cat nó eile!
- 2 Scríobh comhrá a bhí agat le cara leat faoi na hainmhithe a chonaic tú i nGairdíní na nAinmhithe.
- 3 Déan taighde ar mhadraí in Éirinn agus roinn do chuid eolais leis an rang.

Rí na tuaithe!

Níl fágtha de na fianna dúchasacha in Éirinn anois ach an ceann rua. Tráth dá raibh bhíodh an réinfhia agus an an eilc ag siúl thart i gcoillte na tíre, ach diaidh ar ndiaidh, chuir an tseilg agus an scrios a rinneadh ar a ngnáthóga deireadh leo.

Is é an fia an mamach is mó in Éirinn faoi láthair. Le linn na hoighearaoise, bhí an t-oileán seo clúdaithe le brat oighir – agus tá an fia rua an-chosúil leis na fianna a bhí sa tír ag an am sin. Feictear iad, na laethanta seo, in áiteanna mar Chill Mhantáin agus Chill Airne ach go háirithe.



Sna seascaidí ní raibh ach 100 fia rua dúchasach fágtha sa tír seo, ach anois tá thart ar 700 i gContae Chiarraí amháin.

Fia fireann a thugtar ar an athair, *eilit* ar an máthair agus *oisín* nó *lao* ar an bhfia óg. Titeann na beanna díobh san earrach, ach tagann fás orthu arís. ar ndóigh.



Is breá leis na fianna fireanna a bheith in adharca a chéile, ach ní minic a ghortaítear iad. Is fearr leo a bheith ag búiríl lena a chéile chun fadhbanna a réiteach. Ba é an mac tíre an creachadóir ba mhó a scanraíodh fianna rua fadó. Ach níl aon chreachadóir fágtha sa tír, a mharódh an fia rua anois. Cé go bhfuil cosaint dlí aige faoi láthair. deir fermeoirí áirithe go bhfuil an iomarca díobh ann agus go bhfuil scrios á dhéanamh acu ar chrainn óga.

dúchasach <i>native</i>	réinfhia <i>reindeer</i>
eilc <i>elk</i>	seilg = fiach <i>hunting</i>
gnáthóg <i>habitat</i>	mamach <i>mammal</i>
eilit <i>doe</i>	oisín <i>fawn</i>
beann <i>antler</i>	búiríl <i>bellowing</i>
creachadóir = sladaí <i>plunderer</i>	


Obair duit

- 1 Téigh ag siúl sna sléibhte is giorra do d'áit chónaithe agus, má fheiceann tú fia rua, glac cúpla pictiúr de. Taispeáin istigh sa rang iad.
- 2 Lig ort gur fia rua in Éirinn thú. Inis do scéal don rang.
- 3 Aimsigh alt faoin bhfia rua in Éirinn ar an idirlíon agus déan staidear air. Roinn do chuid eolais leis an rang.

Óraidí ar son an chirt

Ba i mbothán a sheanmháthar in Maryland, sna Stáit Aontaithe, a rugadh Frederick Douglass i mí Feabhra 1818. Sclábhaithe ba ea a mhamó, Betsy Bailey, agus a mháthair, Harriet, agus, ar ndóigh, ba sclábhaí é féin. Scaradh óna mháthair é nuair a bhí sé fós ina naíonán. Níos an-choitianta ba ea scaradh den sórt sin ar phlandálacha sa naoú haois déag.

Bhíodh saol an-dian ag sclábhaithe ag an am – ag obair dá n-úinéirí ó dhubh go dubh, ag piocadh cadáis, ag romhar na talún agus ag déanamh gach sórt eile obair feirme. Bhaintí mí-úsáid chruálach astu agus bhuailtí iad le fuipeanna ó am go ham. Go deimhin, ní raibh léamh ná scríobh ag an gcuid ba mhó acu.



D'éirigh le Frederick éalú ón sclabhaíocht, áfach, agus d'fhoghlaim sé léamh agus scríobh. Ba scríbeoir den scoth é – agus óraidí cumasach freisin. Tharraing óraidí amháin dá chuid clú agus cáil air – *What to a slave is the fourth of July?*



Le linn dó an chaint sin a thabhairt, dúirt sé nár bhain cearta ná buntáistí na bunreacht nua le sclábhaithe, ach le daoine geala amháin. Níor bhain ceartas, cóir, saoirse, maoin ná neamhspleáchas ach le daoine geala amháin ach oiread, a dúirt sé.

Sa bhliain 1845 tháinig Frederick go hÉirinn. Thaitin an tír go mór leis agus bhí sé sona sásta ann. Idir an dá linn, d'eisigh Uachtarán na Stát Aontaithe, Abraham Lincoln, Forógra na Fuascailte do sclábhaithe ar 1 Eanáir 1863, sa tríú bliain de Chogadh na gCarad.

cadás *cotton* **rómhar** *digging*
ceartas = **cothrom na Féinne** *justice*

maoin = **saibhreas**

óráidí *orator*


Cogadh na gCarad *Civil War*

Forógra *Proclamation*

Fuascailt *Emancipation*

Ceisteanna agus tascanna

- 1 Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi mháthair agus faoi sheanmháthair Frederick?
- 2 Lig ort gur sclábhaí thú ar phlandáil sa naoú haois déag. Déan cur síos ar lá amháin i do shaol.
- 3 Ag obair i mbeirteanna, bainigí triail as an gcrosfhocal ar dheis.



Trasna

- 1 gan trua ná trócaire (8)
- 4 do sheanmháthair (4)
- 6 údar (11)
- 8 duine a oibríonn gan phá (8)
- 12 ar ardchaighdeán (3,5)
- 13 sásta, suáilceach (4)
- 14 comónta, ginearálta (9)



Síos

- 1 cothrom na Féinne (7)
- 2 cáil (3)
- 3 páiste óg (7)
- 5 teacht saor, teitheadh (4)
- 6 imeacht ó chéile, deighilt (7)
- 7 gnás, béas (3)
- 8 údar (10)
- 9 an duine ar leis rud (6)
- 11 saibhreas (5)



Tabhair aire!

Tá fón póca ag beagnach gach duine in Éirinn inniu. Seolaimid téacsanna chuig a chéile, ceannaímid earraí agus ordáimid mearbhia orthu. Chomh maith leis sin, tig linn an nuacht is déanaí a léamh orthu – nó éisteacht lenár rogha ceol.

Ach ar thug tú faoi deara, le déanaí, go mbíonn do chairde ag fáil glaonna ó uimhreacha nach n-aithníonn siad? Sceamáil nó caimiléireacht a bhíonn i gceist ina lán de na glaonna sin. Bí ar aire!

Ag iarraidh do chuid sonraí pearsanta agus do chuid airgid a fháil a bhíonn daoine a chuireann glaonna den sórt sin ort. Úsáideann siad bogearra ar a dtugtar ‘uathghlao’ chun dallamullóg a chur ort.

Cad ba cheart dúinn a dhéanamh, mar sin? Dáiríre, ba chóir gan freagra a thabhairt ar aon uimhir nach n-aithnímid. Chomh maith leis sin, ba chóir dúinn an uimir sin a bhlocáil láithreach. Ná tugaimis aon eolas pearsanta d’aon duine a iarrann é ar an bhfón nó ar line. Má leanaimid an chomhairle sin, beimid slán!

mearbhia *fast food*
caimiléireacht = **calaois** *fraud*
uathghlao *robocall*

Obair ghrúpa

- 1 Déanaigí suirbhé ranga ar an úsáid a bhaineann sibh as gutháin phóca. Pléigí na torthaí le chéile.
- 2 Cad as a dtagann an fón póca? Aimsígí suíomh ar an idirlíon faoin stair a bhaineann leis an bhfón póca. Pléigí an t-eolas a fhaigheann sibh le chéile.
- 3 An bhfuil an tseirbhís do ghutháin phóca go maith in bhur gceantar? Labhraígí le chéile faoi sin.

Leathanach na bhfreagraí

Fuascail na hanagram!

Freagraí lch 4


Corn an Domhain (Alt 1)

i dtír Arabach (Alt 2)


Arm Glas (Alt 3)



Freagraí lch 5



Freagraí lch 18



Freagraí lch 15



Anagram lch 19

ciapadh saoire cluthar lóis béile

Freagraí – lch 17

- 1 Tarbh
- 2 Cúige Mumhan
- 3 Tá
- 4 8,848.86 méadar
- 5 Sáinníodh é ar oileán
- 6 An tSualainn
- 7 An ghealach
- 8 Simba
- 9 6
- 10 Lagos



Crosfhocal – lch 22

